2023/2354

26.10.2023

# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 63/2023

## an 17 Márta 2023

## lena leasaítear Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus Prótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2354]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cinneadh ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2019 lena mbunaítear an Grúpa um Beartas Speictrim Raidió agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2002/622/CE, ([1]) tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Le Cinneadh ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2019, aisghairtear Cinneadh 2002/622/CE ón gCoimisiún ([2]), Cinneadh atá ionchorpraithe i gcomhaontú LEE agus atá, dá bharr sin, le haisghairm faoi Chomhaontú LEE.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XI agus Prótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe 5ch (Cinneadh 2002/622/CE ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE:

'**32019 D 0612(01)**: Cinneadh ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2019 lena mbunaítear an Grúpa um Beartas Speictrim Raidió agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2022/622/CE (IO C 196, 12.6.2019, lch. 16).

Módúlachtaí maidir le comhlachas Stáit CSTE i gcomhréir le hAirteagal 101 den Chomhaontú seo:

Glacfaidh Stáit CSTE páirt iomlán sa Ghrúpa um Beartas Speictrim Raidió agus beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna acu ann agus a bhíonn ag na Ballstáit den Aontas, cé is moite den cheart vótála. Ní bheidh comhaltaí ó Stáit CSTE incháilithe le haghaidh Chathaoirleacht an Ghrúpa um Beartas Speictrim Raidió ná a fhoghrúpaí.

Chun críocha an Chomhaontaithe reatha, tá forálacha an Chinnidh oiriúnaithe mar a leanas:

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 2(4) maidir le Stáit CSTE.'

*Airteagal 2*

I bpointe 16 de Phrótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE, cuirtear na focail 'Cinneadh ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2019' in ionad na bhfocal 'Cinneadh 2002/622/CE ón gCoimisiún'.

([1]) IO C 196, 12.6.2019, lch. 16.
([2]) IO L 198, 27.7.2002, lch. 49.

*Airteagal 3*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs an Chinnidh ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2019 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 18 Márta 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 5*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Márta 2023.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*

*An tUachtarán*

Nicolas VON LINGEN

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.